# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009

---

## GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II
**(120 marc)**

---

**DÉ hAOINE, 5 MEITHEAMH – Maidin, 10.15 go dtí 12.15**

---

**ROINN I – PRÓS LITEARTHA** **[30 marc]**

**Ceist 1** Léigh an sliocht seo agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **A** agus **ceist amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.
[*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*]

## Dorád Deilf Ar Iarraidh

**Cúlra an Scéil**: Baineann an scéal seo le deilf. Dorád an t-ainm a thugtaí air. Chaitheadh sé cuid mhaith dá shaol i gCuan na hInse Bige i gCo. Chiarraí. Thagadh cuairteoirí ag breathnú air. Gan aon choinne ag aon duine leis, fuadaíodh Dorád. Ach bhí cairde dílse ag an deilf spórtúil seo agus chuir siad rompu é a fhuascailt óna chuid fuadaitheoirí i sorcas thall i Sasana.

**1.** Ba é Seáinín Mac Uidhir an chéad duine a chonaic Dorád, an deilf. Bhí Seáinín ar a bhealach abhaile ón scoil agus é ag dul suas cosán chuig a theach ar mhullach cnoic os cionn Chuan na hInse Bige, nuair a leag sé súil ar an deilf den chéad uair. B'iomaí lá a chaith siad ag cleasaíocht le chéile ina dhiaidh sin. Ghoill sé go mór ar Sheáinín nuair a fuadaíodh Dorád.

**2.** Lig Seáinín osna as agus é ag stánadh amach ar an gcuan. Bhí a chairde imithe le dhá lá anuas agus ní raibh aon scéala uathu fós. Ní foláir nó gur theip orthu Dorád a fháil. Nó b'fhéidir go raibh an deilf marbh agus nár theastaigh uathu an drochscéal a insint dó. Bhí Seáinín tar éis an iarnóin a chaitheamh thíos ag an ngóilín. B'fhéidir nár fuadaíodh Dorád tar éis an tsaoil! B'fhéidir gurbh í an stoirm ba chúis lena imeacht! B'fhéidir go bhfillfeadh sé inniu! D'fhéach Seáinín ar an uisce arís. Samhlaíodh dó go raibh soc cosúil le buidéal ag teacht go barr an uisce is ag snámh isteach chun beannú dó. Ach nuair a chuimil sé méar dá shúile ní raibh dada ann.

**3.** Níor ith Seáinín mórán ag béile an tráthnóna. D'fhéach a thuismitheoirí go himníoch air. 'An ndeachaigh tú ag iascaireacht inniu?' a d'fhiafraigh a athair de. Chroith Seáinín a cheann. 'Níor ith tú mórán,' arsa a mháthair leis. 'Níl aon ocras orm.' 'Ná bíodh imní ort faoi Dhorád. Tiocfaidh sé ar ais.' 'Ní fheicfidh mé arís é!' D'éirigh sé ón mbord agus rith sé isteach ina sheomra. Luigh sé ar an leaba go brónach.

**4.** Sa leaba dó, bhí Seáinín ag smaoineamh ar a chairde, Muiris, Séimí agus Éilís a bhí imithe go Sasana chun Dorád a fhuascailt ón bhfear sorcais a d'fhuadaigh é. 'Snámh in aghaidh easa,' a cheap Seáinín. 'Níl seans ar bith acu é a fháil ar ais má tá sé ag an bhfear gránna sin.'



**5.** Go tobann, chuala Seáinín an teileafón ag clingeadh sa halla. 'Duitse an glao seo, a Sheáinín,' a scairt a athair. Dheifrigh sé amach. Thóg sé an glacadóir. 'Haló!' 'Muiris anseo, a Sheáinín. Tá mé ag glaoch ó Shasana. Fuaireamar Dorád agus tá sé slán sábháilte agus táimid ar an tslí abhaile leis. Ní raibh sé furasta é a fhuascailt ón sorcas ach d'éirigh linn ar éigean. Caithfidh mé a rá gur laochra iad Éilís agus Séimí. Ní éireodh linn gan iad. Inseoidh mé an scéal ar fad duit amárach.'

**6.** Chuir Seáinín an teileafón ar ais. Sheas sé ansin ar feadh soicind agus loinnir ina shúile le barr lúcháire. Ansin dheifrigh sé isteach chuig a thuismitheoirí. 'Fuair siad Dorád! Tá sé ag teacht ar ais!' 'Dúirt mé leat go bhfillfeadh sé.' Leath gáire ar bhéal a mháthar. 'B'fhéidir go gcríochnófá do bhéile anois.' 'Críochnóidh, cinnte ….tá mé stiúgtha leis an ocras.'

(*Sliocht athchóirithe as an úrscéal* Dorád *le Liam Mac Uistín*)

**Gluais:** fuadaíodh: goideadh;
góilín: cuan beag;
samhlaíodh dó: cheap sé;
soc: gob/srón.
stiúgtha: caillte

## Ceisteanna (iad ar cómharc)

### A ( Buntuiscint )

**(i)** (a) Cá raibh Seáinín nuair a chonaic sé Dorád den chéad uair? (**Alt 1)**
(b) Cad a samhlaíodh do Sheáinín nuair a d'fhéach sé ar an uisce? (**Alt 2**)

**(ii)** (a) Cén chomhairle a chuir duine dá thuismitheoirí ar Sheáinín. (**Alt 3**)
(b) Ainmnigh an triúr a chuaigh go Sasana chun Dorád a fhuascailt? (**Alt 4**)

**(iii)** (a) Cén dea-scéal a bhí ag Muiris do Sheáinín? (**Alt 5**)
(b) Cá bhfios dúinn go raibh Seáinín sona nuair a chuala sé an dea-scéal? (**Alt 6**)

### B ( Léirthuiscint Ghinearálta )

**(i)** Luaigh **dhá thréith** a bhaineann le tuismitheoirí Sheáinín mar dhaoine, dar leat.
I gcás **ceann amháin** den dá thréith sin, tabhair píosa eolais as an téacs a léiríonn an tréith sin.

**(ii)** Tugann an t-údar léiriú soiléir ar an imní a bhí ar Sheáinín nuair a fuadaíodh Dorád.
Do thuairim uait faoi seo.(Is leor **dhá phointe** a lua.)

**(iii)** An gceapann tú go bhfuil críoch an scéil seo sásúil? (Is leor **dhá chúis** réasúnta a lua.)

---

**Ceist 2** Freagair **A** *nó* **B** anseo. Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh. **(15 mharc)**

### A

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá sa sliocht i g**Ceist 1** thuas.

<u>Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.</u>

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin ábhair.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i g**Ceist 1** faoin ábhar úd agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

### B

**(i)** Maidir le do rogha **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an *téama* sin ann.

<u>Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir</u>.

(a) Óige (b) Cairdeas (c) Gliceas (d) Uaigneas (e) Grá (f) Meas

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *téama* atá roghnaithe agat.

**Nóta**: I gcás **A** *nó* **B** thuas, tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann le linn do chúrsa.

---

## ROINN II – FILÍOCHT [30 marc]

**Ceist 1**. Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **A** agus **ceist amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.
[*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*]

### An Stoirm

Bhí fathach feargach, fíochmhar
Amuigh go mall aréir,
Chuala mé a choiscéim,
D'airigh mé a bhéic;
Tuargaint ar an bhfuinneog,
Búiríl sa simléar,
B'shin é glór an fhathaigh
A bhí amuigh aréir.

Rug sé ar na crainn is
Stoith sé iad ó fhréamh,
D'ardaigh sé an fharraige
Ina tonnta go spéir;
Ach bhí mé féin go teolaí
Istigh faoin mbog-bhlaincéad,
Is níor bhac mé leis an bhfathach
A bhí amuigh aréir!

(leis **An tSiúr Colmcille**)

**Gluais: (L.1)** fathach: duine ollmhór scanrúil
**(L.5)** tuargaint: bualadh
**(L.6)** búiríl: glór ard garbh
**(L.10)** stoith: tharraing
**(L.13)** teolaí: compordach

### Oisín i ndiaidh na Féinne

Tháinig ar an gcapall bán
Ó Thír na nÓg leis féin
An fear a d'fhág na Fianna tráth
Is d'imigh leis i gcéin.

Trí chéad bliain a chaith sé ann
Is ag dul in óige a bhí,
Cé go raibh na Fianna blianta
San uaigh ina luí.

"Ná tar anuas den chapall
Nó beidh tú sean, a stór,
Tá na blianta fada caite
Ó chuala Fionn do ghlór."

Le comhairle Niamh níor éist
An fear ar an gcapall bán,
Is é a bhí óg is láidir
Mar a bhí nuair a d'fhág sé slán.

Oisín an té a tháinig
Is a thit dá chapall bán,
A d'athraigh ina sheanfhear lag
Tar éis na gcéadta ar fán.

(le **Tomás F. Mac Anna**)

**Gluais: (L.4)** i gcéin: thar sáile.
**(L.13)** comhairle: moladh.

### Ceisteanna (iad ar cómharc)

### A ( Buntuiscint )

**(i)** (a) Cá fhad a chaith Oisín i dTír na nÓg? (**Oisín i ndiaidh na Féinne**)
(b) Cén chomhairle a chuir Niamh ar Oisín? **(Oisín i ndiaidh na Féinne)**

**(ii)** (a) Cén fáth ar chuir an file an s*toirm* i gcomparáid le *fathach*? (**An Stoirm**)
(b) Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile, dar leat, sna **línte 13-16**. ( **An Stoirm**)

**(iii)** (a) Cén timpiste a tharla d'Oisín? Cad a tharla dó dá bharr sin? (**Oisín i ndiaidh na Féinne**)
(b) Conas a léiríonn an file go raibh an *fathach* láidir sa dán **An Stoirm**?

### B ( Léirthuiscint Ghinearálta )

**(i)** Déan cur síos gairid ar **dhá** *dhifríocht* atá idir an dá dhán.

**(ii)** Cén saghas duine é Oisín, dar leat, sa dán **Oisín i ndiaidh na Féinne**? Is leor **dhá phointe.**

**(iii)** Cad é an mothúchán is láidre, dar leat, atá léirithe sa dán **An Stoirm**?

Conas a chuireann an file an mothúchán sin os ár gcomhair?

**Ceist 2**. Freagair **A** *nó* **B** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.) **(15 mharc)**

## A

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair ann is atá i do rogha **ceann amháin** den dá dhán i **gCeist 1** thuas.

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir**.**

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin ábhair sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin ábhar úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 1** agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa dán atá ainmnithe agat.

## B

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha **ceann amháin** de na *mothúcháin* seo thíos ann.

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

(a) Brón (b) Áthas (c) Fearg (d) Éad/Formad (e) Trua (f) Grá

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *mothúchán* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *mothúchán* sin os ár gcomhair.



**THALL** →

## ROINN III – LÉAMHTHUISCINT (GIOTAÍ GEARRA) [30 marc]

Freagair do rogha **trí cinn** de **A, B, C, D** anseo. **(Is leor freagraí gairide i ngach cás.)**
[*I gcás* **A, B** *agus* **C** *bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat*.]

### A (10 marc)


Léigh an sliocht seo a leanas (as *Lá Nua*) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

**Gaiscí Reatha**

D'éirigh le Risteard Ó Donnabháin, an reathaí maratóin as Gaillimh, a sprioc a bhaint amach le déanaí. Bhailigh sé 50,000 euro don charthanas, Leanaí Chernobyl. Rith Risteard ó Charn Uí Néid i gCorcaigh go Cionn Mhálanna i dtuaisceart Dhún na nGall.

Rinne sé an turas seo i gcúig lá go leith. Le linn an ráis, thrasnaigh Risteard ceithre chúige na hÉireann agus aon chontae dhéag. Chlúdaigh sé 365 míle ar fad. I mí Iúil na bliana 2005, rith sé sa treo eile ó Chionn Mhálanna go Carn Uí Néid.

Ní inniu ná inné a thosaigh Risteard Ó Donnabháin amach ar na gaiscí reatha. I mí Eanáir na bliana 2002, bhuaigh sé an chéad mharatón a ritheadh ag an bPol Theas. I mí Aibreáin na bliana céanna, bhuaigh sé an chéad mharatón a ritheadh ag an bPol Thuaidh. Ní beag sin mar ghaisce!



**Risteard i mbun reatha in 2005**

**(i)** (a) Cén sprioc a bhain Risteard Ó Donnabháin amach le déanaí?
(b) Cé mhéad contae ar fad a thrasnaigh Risteard le linn an ráis ó Charn Uí Néid go Cionn Mhálanna?

**(ii)** Luaigh na gaiscí reatha a rinne Risteard Ó Donnabháin lasmuigh den tír seo.

### B (10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas (as www.birdwatchireland.ie ) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

**An Traonach ag Filleadh ar Éirinn**

I Mí Aibreáin, chuireadh muintir na hÉireann fáilte roimh an traonach. Cuairteoir bliantúil ón Afraic a bhí ann. Éan cúthail a d'fhanadh i bhfolach sna móinéir, nach mbaintí go hiondúil go lár mhí Iúil. Chloistí *crec crec* an traonaigh agus bhíodh a fhios ag pobal na tíre go raibh an samhradh ag filleadh ar Éirinn.

D'imigh sin is tháinig seo: dhá bharra féir ó na móinéir in aghaidh an tsamhraidh, ré an tsadhlais agus ré na n-inneall bainte glóracha. Bhí fásra folaigh an traonaigh imithe uaidh. Bliain i ndiaidh bliana bhí níos lú traonach ag filleadh ar Éirinn. Aithníodh an chúis agus osclaíodh ceantair speisialta chaomhnaithe i nDún na nGall, i gCiarraí, i gConamara agus in Uíbh Fháilí. De bharr na hoibre seo, tá fás ar líon na dtraonach a thagann go hÉirinn.



**An traonach**

**(i)** Breac síos **dhá phointe** eolais faoin saghas éin é an traonach.

**(ii)** (a) Luaigh **rud amháin** a chuir beatha na dtraonach i mbaol in Éirinn.
(b) Cén fáth a bhfuil fás ar líon na dtraonach a thagann go hÉirinn?

## C

**(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (as *Lá Nua*) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

### Is é lá na gaoithe lá na dtúr in Dubai

Tógfar an chéad fhoirgneamh rothlach in Dubai roimh dheireadh na bliana 2010. Túr ochtó urlár ar airde a bheidh ann. Is é David Fisher as Nua-Eabhrac an t-ailtire. Ní nach ionadh tá sé breá sásta lena a chuid oibre. 'Éacht tógála é, gan amhras,' dar leis. 'Seo an chéad fhoirgneamh ar domhan a chasfaidh 360 céim timpeall agus a dtiocfaidh athrú iomlán ar a chruth,' a deir sé.

Is í cumhacht na gaoithe a chasfaidh na hurláir. Beidh gineadóir gaoithe ag soláthar na cumhachta ar gach urlár. Ní dhéanfaidh an foirgneamh seo aon damáiste don timpeallacht. Cuirfidh an ghaoth an fuinneamh ar fáil agus an fuinneamh nach mbeidh ag teastáil, stórálfar sa ghréasán náisiúnta é. Tá pleananna ar bun foirgneamh ar an dóigh chéanna a thógáil i Moscó amach anseo.



**Túr ag síorathrú**

**(i)** Luaigh **dhá chúis** a bhfuil an t-ailtire, David Fisher, breá sásta lena a chuid oibre.

**(ii)** Breac síos **dhá bhuntáiste** a bhaineann leis an fhoirgneamh seo in Dubai.

## D

**(10 marc)**

Déan staidéar ar an sliocht seo a leanas (as *Foinse*) a bhfuil bearnaí ann atá uimhrithe ó **(1)** go dtí **(11)**.
Ansin líon gach bearna díobh le focal oiriúnach as an liosta thíos. (Níl aon ord speisialta ar an liosta sin.)
Ba cheart an freagra a leagan amach mar seo i do fhreagarleabhar:
'Bearna **(1)** = domhain', agus mar sin de. Ní gá an sliocht féin a scríobh.

### Gruaig Rua

Níl ach aon faoin gcéad de dhaonra an **(1)** rua agus is in Éirinn agus in Albain is mó atá na daoine sin ar (**2**). Creideann eolaithe áirithe nach (**3**) aon duine rua fágtha i (**4**) céad bliain.

Ba chomhartha áilleachta agus uaisleachta í an ghruaig rua i (**5**) cultúr ársa. Bhí an ghruaig rua (**6**) i measc na gCeilteach agus bhí meas (**7**) leith acu uirthi.

Shíl na Ceiltigh, áfach, go raibh claonadh i ndaoine rua a bheith teasaí agus fíochmhar. Dá (**8**) sin, sheachain siad iad uaireanta.

Níor (**9**) an ghruaig rua leis na Sínigh ná leis na Rómhánaigh, toisc go raibh an (**10**) gruaige sin go minic ar na (**11**) a d'ionsaigh iad.





**Liosta Focal:**
domhain [Bearna (**1**)]; coitianta; bhrí; naimhde; fáil; mórán; ar; mbeidh; dath; gceann; thaitin.

## ROINN IV – LITIR A SCRÍOBH **[30 marc]**

Freagair **A** *nó* **B** *nó* **C** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.)

### A

Bhí tú ar chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht an samhradh seo caite. Scríobh litir chuig do chara faoin gcúrsa sin.

I do litir luaigh

- **dhá rud** a thaitin leat
- **dhá rud** nár thaitin leat
- eachtra spéisiúil a tharla duit i rith an chúrsa.

### B

Léigh tú alt in *Foinse* faoin ábhar **Cúrsaí Spóirt in Éirinn Inniu**. Scríobh an litir a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin i dtaobh an ailt.

I do litir luaigh

- **dhá phointe** a bhí san alt
- **dhá phointe** faoin mbaint atá agat féin le cúrsaí spóirt
- aon phointe **amháin** eile faoi chúrsaí spóirt in Éirinn.

### C

Tá cara pinn leat ag diúltú éide scoile a chaitheamh ar scoil.
Scríobh litir chuig do chara pinn i dtaobh an ábhair seo.

I do litir luaigh

- **an fáth** ar scríobh tú chuig do chara pinn
- **dhá mholadh** atá agat do do chara pinn
- **dhá eachtra** a tharla duit féin a raibh baint acu le héide scoile.